An Cruinniú Mullaigh Euro

An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

EURO 507/25

EUROSUMMIT 3
TSGC 8

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú Mullaigh Euro (23 Deireadh Fómhair 2025)<br>- Ráiteas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an ráiteas ar thángthas ar chomhaontú ina leith ag an gCruinniú Mullaigh Euro thuasluaite.

**Ráiteas ón gCruinniú Mullaigh Euro, ag teacht le chéile dó i bhformáid chuimsitheach**

1. Phléamar an staid reatha eacnamaíoch agus airgeadais. Tá geilleagar an limistéir euro athléimneach i gcónaí d'ainneoin suaití iomadúla. Tar éis próiseas seasta díbhoilscithe, táthar ag díriú arís ar an mboilsciú, agus cuidíonn sé sin le cumhacht ceannaigh teaghlach a athbhunú. Ar an iomlán, tá an margadh saothair fós láidir agus an dífhostaíocht is ísle riamh ann. Tá dálaí airgeadais fabhracha fós ag tacú le hinfheistíocht. Le comhaontuithe trádála a rinneadh le déanaí, maolaíodh éiginnteacht bheartais, éiginnteacht a chuireann isteach fós, áfach, ar mhuinín agus a fhágann go bhfuil an t-ionchas fáis éiginnte. Leanaimid de bheith aontaithe agus muid tiomanta athléimneacht agus iomaíochas ár ngeilleagar a fheabhsú sa timpeallacht gheopholaitiúil atá ann faoi láthair.

2. Agus an litir ó Uachtarán an Ghrúpa Euro an 16 Deireadh Fómhair 2025 á tabhairt dár n-aire, iarraimid ar an nGrúpa Euro leanúint de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar chúrsaí eacnamaíocha agus fioscacha. Tá sé ríthábhachtach go leanfar den dlúthchomhordú ar ár straitéisí um beartais eacnamaíocha agus fhioscacha, agus é mar chuspóir againn fás inbhuanaithe cuimsitheach, marthanach a choimeád ar bun.

3. Is léiriú é an euro ar a bhfuil bainte amach ag an Eoraip agus ar an gcobhsaíocht eacnamaíoch, ar an gcomhtháthú agus ar an oscailteacht. Is é an dara hairgeadra is tábhachtaí ar domhan é agus tá athléimneacht láidir léirithe aige i bhfianaise suaití domhanda a tharla le déanaí. I ndomhan ilroinnte, táimid tiomanta ról idirnáisiúnta an euro a neartú, lena n-áirítear mar airgeadra cúltaca agus mar airgeadra idirbheartaíochta. Baineann deiseanna agus freagrachtaí le ról idirnáisiúnta neartaithe. Tá sé bunaithe ar bhunchlocha eacnamaíocha agus geopholaitiúla na hEorpa chomh maith leis an Eoraip a bheith ina comhpháirtí idirnáisiúnta iontaofa intuartha. Táimid tiomanta i gcónaí feabhas a chur ar iomaíochas ár ngeilleagair, an comhtháthú sna margaí caipitil a dhoimhniú, an tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche, an Margadh Aonair a neartú, dlús a chur leis an nuálaíocht, agus úsáid an euro sa trádáil agus san airgeadas idirnáisiúnta a leathnú.

4. I ndomhan atá ag éirí níos digití, is deis straitéiseach é an euro digiteach chun tacú le córas íocaíochta Eorpach atá iomaíoch athléimneach, chun rannchuidiú le huathriail straitéiseach agus slándáil eacnamaíoch na hEorpa, agus ról idirnáisiúnta an euro a neartú. Is díol sásaimh dúinn an dul chun cinn a rinneadh le déanaí maidir le tionscadal an euro dhigitigh a chur chun cinn, agus leagaimid béim ar a thábhachtaí atá sé an obair reachtach a thabhairt chun críche go pras agus dlús a chur le céimeanna ullmhúcháin eile. Déanfaimid athbhreithniú ar an dul chun cinn ag an gcéad chruinniú eile a bheidh againn.

5. Táimid ag súil le fáilte a chur roimh an mBulgáir mar bhall den limistéar euro an 1 Eanáir 2026.